

1. An bhfuil suim agat sa stair? Are you interested in history?

2. An raibh tú riamh i dtír mar a labhraítear Spáinnis? Were you ever in a country where they speak Spanish?

3. An bhfuil Spáinnis agat féin? Do you yourself speak Spanish?

4. An bhfuil teanga eile agat seachas Béarla? Do you speak another language besides English?

5. Ar ith tú bia Spáinneach riamh? Did you ever eat Spanish food?

6. An maith leat bia Meicsiceach? Do you like Mexican food?

La Niña Bonita agus an Róisín Dubh
Eoghan Ó Duinnín

1. Nuair a dúirt mé le mo thuismitheoirí, am éigin i Márta na bliana 1938 (naoi déag triocha a hocht), go raibh mé ag dul go dtí Aintree chun an Rás Mór a fheiceáil níor bheag an t-iontas a chuir an scéal seo orthu.
2. Ní raibh de cháil orm riamh gur chuir mé spéis ar bith i rásaíocht chapall.
3. An oíche roimh lá an rása chuaigh mé go dtí 32 (triocha a dó) Cé Urmhumhan Íochtarach, Baile Átha Cliath, mar a raibh ceannáras Pháirtí Cumannach na hÉireann an tráth sin.
4. Bhí Seán Ó Muirí, Rúnaí an Pháirtí, i láthair.
5. Duine suairc ba ea Seán agus aghaidh dearglasta, dea-chothaithe aige a chuirfeadh easpag i gcuimhne duit.
6. Sháigh sé píosa páipéir os comhair mo shúil.
7. ‘An féidir leat é sin a léamh?’
8. ‘Go héasca’, arsa mise.
9. ‘Tá tú tofa mar sin.
10. Tá an radharc go maith agat.’
11. Ba mhór an faoiseamh dom gur éirigh liom sa dianscrúdú dochtúra seo agus go raibh mé i gcruith mhaith chun dul go dtí an Spáinn agus páirt a ghlacadh sa Chogadh Cathartha a bhí ar siúl ann!
12. Cúigear againn ar fad a bhí ann – beirt Chorcaíoch agus triúr Bleácliathach.
13. Earcaigh nua ba ea mé féin agus an bheirt Chorcaíoch ach bhí Seán Mac Conallta agus a dhlúthchara Pádraig Ó Duibh ag filleadh ar an Spáinn tar éis a bheith ar scor.

The Beautiful Girl and the Little Black Rose
Eugene Downing

- When I told my parents, some time in March of the year 1938, that I was going to Aintree to see the Big Race (Grand National), the news was no small surprise to them.
- I was never known for being at all interested in horse racing.
- The night before the day of the race I went to 32 Lower Ormond Key, Dublin, where the headquarters of the Irish Communist Party was at that time.
- Seán Ó Muirí, the Party Secretary, was present.
- Seán was a pleasant fellow with a blazing, well-fed face that would remind you of a bishop.
- He thrust a piece of paper in front of my eye.
- “Can you read that?”
- “Easily”, I said.
- “You’re selected then.
- Your sight is good.”
- It was a great relief to me that I passed this intensive medical exam and that I was in good form to go to Spain and take part in the Civil War that was going on there!
- There were five of us altogether – two Cork men and one Dubliner.
- I and the two Cork men were new recruits, but Seán Mac Nonallta and this good friend Pádraigh Ó Duibh were returning to Spain after being on leave.

14. Goineadh iad araon ag Cordoba i mí na Nollag 1936 (naoi déag triocha a sé) agus fuair Pádraig cneá eile i mí Feabhra 1937 (naoi déag triocha a seacht). They were both wounded in Cordoba in December 1936 and Pádraig got another wound in February 1937.
15. D'fhágamar an ceannáras nuair a bhí gach ullmhúchán déanta i gcomhair an aistir go dtí an Spáinn mar a rabhamar ag dul chun troid ar son na Poblachta sa chogadh cathartha a thosaigh i mí an Iúil 1936 (naoi déag triocha a sé), agus a bhí ar leanúint go fóill. We left the headquarters when every preparation had been made for the trip to Spain where we were going to fight for the sake of the Republic in the civil war that starting in July 1936, and was still continuing.
16. ‘Coimeádaigí bhur gcinn síos!’ arsa Séamas de Priondargás mar fhocal scoir nuair a bhíomar ag dul síos an staighre. “Keep your heads down!” said Séamas de Priondargás as a parting word when we were going down the stairs.
17. Bhí sé féin tar éis teacht abhaile ón Spáinn tamall gearr roimhe sin. He had just come home from Spain a little while before that.
18. Goineadh é ag Cnoc Pingarrón le linn Cath Jarama i mí Feabhra 1937 (naoi déag triocha a seacht). He was wounded at Pingarrón Hill in February 1937.
19. As go brách linn go dtí an bád ag an mBalla Thuaidh. Off we went to the boat at the North Wall.

Ceisteanna

1. Cad a dúirt Eoghan lena thuismitheoirí?
2. Cén fáth go raibh ionadh ar a thuisí?
3. An ndúirt sé an fhírinne leo?
4. Cá ndeachaigh Eoghan i mBaile Átha Cliath?
5. Cén tír a raibh Eoghan ag iarraidh a dul ann?
6. Cad a bhí ar siúl sa Spáinn ag an am?
7. Cad a bhí Eoghan ag iarraidh a dhéanamh sa Spáinn?

Questions

- What did Eugene tell his parents?
- Why were his folks surprised?
- Did he tell them the truth?
- Where did Eugene go in Dublin?
- Which country was Eugene trying to go to?
- What was going on in Spain at the time?
- What was Eugene wanting to do in Spain?